

Agus iad ag tabhairt aghaidh ar an gcinneadh atá le déanamh acu, iarrimid ar ár n-ionadaithe pobal tofa rogha dhearfach a dhéanamh. Chomh luath agus a tharlaíonn an ghiniúint, is álainn an uile bheatha dhaonna sin, is luachmhar agus is beannaithe an uile bheatha dhaonna sin. Tabhair breith ar son na beatha!

Coimriú

- Ón uair a ghintear aon bheatha dhaonna sa bhroinn is álainn, is uasal agus is beannaithe an bheatha sin.
- Ní chaithfidh ár Rialtas féin féachaint chuige go mbeidh ginmhilleadh ar fáil in Éirinn chun aon rialú ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine a chomhlíonadh.
- Baineann aon reachtaíocht a cheadaíonn ginmhilleadh de dhínit agus de dhaonnacht an leanbh sa bhroinn, agus sáraítear an ceart is bunúsaí ar fad, an ceart chun na beatha.
- Ní gá riamh díriú ar bheatha an linbh sa bhroinn chun beatha na máthar a shábháil. Is seasta í tír na hÉireann, tír gan ginmhilleadh inti, mar an áit is sábháilte ar domhan le leanbh a bhreith inti.
- Is mó bean a rinneadh ginmhilleadh orthu a deir go bhfuil cumha orthu anois faoina leithéid, agus léiríonn an taighde gur mór dochar a dhéanann an ginmhilleadh do mhná.
- Is léir ón taithí atá le sonrú i dtíortha eile go dtagann méadú gan choinne ar chleachtas an ghinmhillead nuair a cheadaítear go dlíthiúil é, fiú más rud é gur tugadh isteach i dtosach báire é ar bhealach teoranta.

Conas is féidir liom tacú le tionscnamh 'Breith ar son na Beatha'?

- Abair paidir 'Breith ar son na Beatha' gach lá i rith mhí na hurnaí ón Domhnach, 7 Deireadh Fómhair go dtí Lá Fhéile Naoimh Uile na hÉireann ar an 6 Samhain.
- Téigh chuig an suíomh Gréasáin www.chooselife2012.ie agus breathnaigh ar an bhfíseán a chuirtear i láthair ansin. Tá acmhainní breise ar fáil ansin chomh maith.
- Cláraigh le cuntas '@chooselife2012' Twitter agus cuirfear teachtaireachtaí maidir leis an téama 'Breith ar son na Beatha' go rialta chugat.
- Bí i dteagmháil le d'ionadaithe tofa agus cuir ceist orthu 'Breith ar son na Beatha' a thabhairt agus gan an ginmhilleadh a cheadú in Éirinn. Cuir ceist orthu an dearcadh atá acu maidir leis an gceist thábhachtach seo a léiriú.
- Scríobh chuig an nuachtán áitiúil nó chuig na nuachtáin náisiúnta agus léirigh na tuairimí atá agat maidir leis an gceist seo. Nuair a bhíonn an cheist seo faoi chaibidil ar an raidió nó ar an teilifís, cuir glao nó téacs isteach, bain úsáid as Facebook nó blaganna, maidir le díospóireachtaí ar an téama seo, nó bí ag gíolcaireacht faoi.
- Tabhair le fios do dhaoine go bhfuil cuid mhaith seirbhísí agus tacaíocht le fáil ó CURA. Tá na sonraí le fáil i do pharóiste féin nó ar líne ag www.cura.ie.
- Bí mar oibrí deonach le cumann atá ar son na mbeo gan bhreith.

Saol Uasal an Linbh sa Bhroinn

Cuireann an leanbh sa bhroinn chuige ar thuras dochreidte fáis agus forbartha. Faoi mar a léiríonn an eolaíocht go soiléir tagann duine daonna uathúil nua agus cód iomlán géiniteach ann chun an tsaol nuair a tharlaíonn an toirchiú. Ón nóiméad sin ar aghaidh, ní ag fás agus ag forbairt le bheith mar dhaoine a bhíomar, ach ag fás agus ag forbairt mar dhaoine.

- **18–21 lá** tar éis bheith ginte, sula dtuigeann an mháthair go bhfuil sí ag iompar fiú, tá croí an linbh ag bualadh.
- **8 seachtain** tá gach ball a bheidh ag an duine fástá i bhfoirm.
- **11 seachtain** tá méarloirg agus ingne le sonrú go soiléir.
- **12 seachtain** osclaíonn agus dúnann beola an linbh. Casann sé a cheann agus bíonn ag preabadh sa bhroinn.
- **16 seachtain** freagraíonn an leanbh d'fhuaimeanna, diúlann, slogann, déanann sé méanfach.
- **18 seachtain** mothaíonn an chuid is mó máthar an leanbh ag bíogadh. De réir mar a bhíonn an ceann agus na géaga á bhogadh aige, bíonn na matáin á fhorbairt ag an leanbh. Diúlann an leanbh an ordóg.
- **24 seachtain** leanann an leanbh leis an mbogadh, an éisteacht, an taibhreamh fiú.
- **30–40 seachtain** má chaomhnaítear an leanbh leanfaidh sé leis ag fás go tréan go dtí go dtagann uair na breithe.



Sa bhliain 2011, i Sasana agus sa Bhreatain Bheag rinneadh ginmhilleadh ar 196,082 páiste go dtí an teorainn dhlíthiúil 24 seachtain



Déanann an Eaglais in Éirinn, in Albain i Sasana is sa Bhreatain Bheag, Lá Fhéile na Beatha a cheiliúradh in aghaidh na bliana. Lá ar leith é ina ndéantar feachtas a spreagadh i ndaoine maidir le brí agus luach na beatha daonna, i ngach aon chruth a bhíonn uirthi agus i ngach aon riocht ina mbíonn sí: www.dayforlife.org

Acmhainní

SUÍOMH GRÉASÁIN

www.chooselife2012.ie

Suíomh Gréasáin 'Breith ar son na Beatha 2012'

www.catholicbishops.ie

Suíomh Gréasáin Chomhdháil Easpag Éireann

www.dayforlife.org

Suíomh Gréasáin Lá Fhéile na Beatha

www.cura.ie

Suíomh Gréasáin CURA

FOILSEACHÁIN ÁBHARTHA

What is a Person? Leis an Easpag Donal Murray

Ar fáil ó www.veritas.ie

Human Life is Sacred le Comhdháil Easpag Éireann

Ar fáil ó www.catholicbishops.ie



www.chooselife2012.ie



Choose Life 2012



www.twitter.com/chooselife2012



ChooseLife2012



VERITAS
www.veritas.ie

Lá Fhéile na Beatha

An Domhnach, 7 Deireadh Fómhair 2012

Is uasal agus is beannaithe gach beatha dhaonna

Tabhair breith ar son na Beatha!



IRISH CATHOLIC BISHOPS' CONFERENCE
COMHDHÁIL EASPAG CATHLICEACH ÉIREANN

Is uasal í an bheatha

Bíonn an cine daonna faoi dhraíocht ag mistéir na beatha. Is iontach ar fad é an uile dhuine againne, muidne a chónaíonn mar chine ar an domhan saibhir ilghnéitheach seo. Sinn féin amháin a dhéanann machnamh faoin áilleacht atá le sonrú inár dtimpeall. Is againn féin amháin atá an cumas saothair ealaíne, ceol agus litríocht a chruthú a thugann léargas ar an áilleacht seo, sinn féin amháin a thugann grá dá chéile.

Tá an cumas ionainne ar fad mar dhaoine aonair, an grá agus an áilleacht seo a bhrath agus a léiriú ar bhealach uathúil, agus dá bharr san is féidir linn cur go mór le saolta a chéile. Tuigimid go maith nach sinne a chruthaigh an áilleacht agus an grá a bhíonn thart orainn. Tuigimid go maith nár chruthaíomar muid féin.

Nuair a deirimid gur beannaithe an bheatha, táimid ag tabhairt aitheantais don tuairim a bhíonn ag daoine, ní daoine cráifeacha amháin, ach ag an uile dhuine a thuigeann iontas na beatha daonna. Bímid ag brath ar a chéile mar dhaoine, agus mar sin is sothuigte an tuairim é go mbeadh daoine eile ag súil le béascna áirithe uainn – aitheantas agus meas a léiriú ar a chéile agus an ceart a thabhairt d'fhear nó bean ar bith bheith ar aon chéim linn. Is fíor san ag gach aon staid bheatha, ón uair a ghintear duine go dtí go gcuirtear an duine sin.

Tráth Cinniúnach in Éirinn

I mbliana, tarlaíonn an *'Lá Fhéile na Beatha'* bliantúil na hEaglaise ag tráth cinniúnach do mhuintir na hÉireann. Caithfidh an Rialtas cinneadh a dhéanamh go luath, i gceann cúpla seachtain, maidir le freagra a thabhairt ar bhreithiúnas ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine i 2010.


In ainneoin na tuairime atá á scaipeadh ag daoine áirithe, níl dualgas ar bith ar an Rialtas Éireannach reachtaíocht maidir leis an nginmhilleadh a thabhairt isteach de bharr an rialú seo ón gCúirt Eorpach.

A mhalairt ar fad de scéal atá ann. Tá an tsaoirse ag an Rialtas dualgas cúraim a léiriú go dlíthiúil in Éirinn go bhfuil ceart chun na beatha ag an leanbh sa bhroinn. Is féidir é seo a dhéanamh agus féachaint chuige ag an am céanna go gcuirtear gach cúram agus cóir leighis ar fáil do na mná atá ag iompar clainne, rud a dhéanfaidh deimhin de go gcaomhnaítear a mbeatha siúd.

Beidh impleachtaí ann chomh maith maidir leis an tionchar a bheidh ag cinneadh an Rialtais ar an dearcadh i leith an ghinmhille a léirítear i dTuaisceart Éireann. Dá bhrí sin, is do phobal an oileáin ina iomláine, is do dhaoine ó gach cúlra agus ó gach traidisiún an teachtaireacht seo againne. agus diúltú go hiomlán don ghinmhilleadh. Táimid ag iarraidh ar an uile dhuine a chreideann i ndínt chothrom agus in uaisleacht an uile bheatha dhaonna, meas agus urraim ar bheatha dhaonna an linbh sa bhroinn a lorg ónár n-ionadaithe tofa, agus go ndiúltóidís don ghinmhilleadh.

Tá ceart beannaithe chun na beatha ag gach céim dá shaol, ag an uile dhuine

Ní raibh sé riamh á theagasc ag an Eaglais gur gá tús áite a thabhairt do bheatha an linbh, roimh bheatha na máthar. De



bharr gur den chine dhaonna céanna iad is beannaithe iad araon beatha na máthar agus beatha an linbh sa bhroinn.

Toisc gur duine gan ghuth an leanbh sa bhroinn áfach, táthar ann a deir nach bhfuil an duine seo chomh daonna le cách, nó nach bhfuil an ceart céanna chun na beatha ag baint leis nó léi. Léiríonn an dul chun cinn a rinneadh sa teicneolaíocht agus sa ghéineolaíocht go bhfuil sé níos éasca ná riamh an locht a aimsiú sa tuairim seo.

Athair nó máthair ar bith gur iontach leo scanadh ultrafhuaimne den leanbh sa bhroinn a fheiceáil, nó an duine a chuala buille an chroí den chéad uair, tuigfidh siad go maith cé chomh mear agus chomh hálainn é forbairt an linbh sa bhroinn. Tuigfidh siad go maith nach ndéantar duine daonna ar an toirt den mhac nó den iníon nuair a bheirtear iad. Tuigfidh siad go maith gur mar an gcéanna don mhac nó don iníon atá mar pháiste, mar dhéagóir, nó mar dhuine fásta anois, gur mar an gcéanna an bheatha sin agus an duine daonna a thug siad faoi deara sa chéad scanadh úd.

Faoi mar a léiríonn an eolaíocht go soiléir dúinn, tagann duine daonna uathúil nua agus cód iomlán géiniteach ann chun an tsaol nuair a tharlaíonn an toirchiú. Ón nóiméad sin ar aghaidh, ní ag fás agus ag forbairt *le bheith* mar dhaoine a bhíomar, ach ag fás agus ag forbairt *mar* dhaoine.

Ní hé go bhféadfadh go ndéanfaí duine daonna as an leanbh sa bhroinn, is duine le cumas cheana féin é, le cumas luachmhar bronnta ó Dhia ann, agus caithfidh an uile dhuine againn, mar thuismitheoirí, mar altraí, mar mhná cabhrach, mar dhochtúirí, mar pholaiteoirí, mar dhlíodóirí, mar shaoránaigh, mar vótálaithe, aire a thabhairt don duine sin agus meas a bheith againn air.

Tá sé de dhualgas orainn an duine leochaileach a chaomhnú agus a chosaint

Má ghlacaimid cearta daonna mar chúram orainn féin, caithfidh glacadh leis an gceart is bunúsaí atá ann, sé sin nach marófar sinn. Is ann don cheart seo Cuma cén staid den bheatha a bhaineann linn, an gnéas lena mbainimid, cén cumas fisiceach

nó intleachtach atá ionainn. Is feidhm bhunúsach de stáit ar bith nó de dhlíthe na tíre é an ceart chun na beatha a chaomhnú, agus an duine leochaileach agus an duine gan coimirce a chosaint.

Tugann Airteagal 40.3.3 den Bhunreacht aitheantas don cheart maireachtála atá ag an leanbh sa bhroinn, agus an ceart céanna á thabhairt do bheatha na máthar, agus tugann an dlí ráthaíocht chomh fada agus is féidir de réir dlí, go ndéanfar na cearta sin a chaomhnú agus a dhearbhú.

Is léir gurb é atá ar intinn ag an Airteagal seo ná cosaint chothrom ó ionsaí díreach ar bith a thabhairt do bheatha na máthar agus do bheatha an linbh ina broinn. Is léir áfach gur baineadh an bonn den chuspóir seo de bharr chinneadh a ghlac Cúirt Uachtarach na hÉireann i 1992. I gcás bhreithiúnas X ón gCúirt Uachtarach baineadh an chiall as an bhforáil seo go bhféadfaí cead a thabhairt an leanbh sa bhroinn a mharú go díreach i gcásanna áirithe.

Bímis soiléir faoi: má roghnaíonn an Rialtas reachtaíocht a thagann le breithiúnas an Chúirt Uachtarach i gcás X a rith trí reacht nó trí rialú ón Aire, ciallóidh sé seo go mbeidh reachtaíocht don ghinmhilleadh ann in Éirinn, den chéad uair.

An mháthair agus an leanbh a chaomhnú

Na daoine a thacaíonn le reachtaíocht mar seo, maíonn siad gur gá an ginmhilleadh i gcásanna áirithe, chun beatha na máthar a shábháil. Níl sé seo fíor.

An bhrí atá le ginmhilleadh, ná gníomh ar bith a mbíonn sé mar aidhm, nó mar fheidhm, nó mar mhian aige an leanbh sa bhroinn a mharú. Má tharlaíonn go hannamh go bhfuil trombhreiteacht ar bhean atá ag iompar clainne, agus gur gá leigheas a chur uirthi a d'fhéadfadh cur isteach ar shláinte nó ar bheatha an linbh fiú, ba cheart go ndéanfaí gach aon iarracht beatha an linbh sa bhroinn a shábháil. Tá cead dlíthiúil agus eiticíúil leanúint leis na hiarrachtaí seo, *toisc nach mbíonn sé mar aidhm intinneach acu cur isteach ar bheatha an linbh sa bhroinn*. Ba mhaith le cách go mairfeadh an leanbh.

Is teastas an-mhaith é ar dhochtúirí agus ar altraí in ospidéal na hÉireann go dtuigeann siad an t-idirdhealú ríthábhachtach seo agus go gcuireann siad i bhfeidhm in aghaidh an lae é. Is fíor gur dhearbhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte le déanaí gurb í tír na hÉireann, gan ginmhilleadh bheith ar fáil inti, an áit is sábháilte ar domhan le go bhféadfadh máthair atá ag iompar linbh, an leanbh sin a thabhairt chun breithe. Ba cheart go mbeimis mórtasach as a leithéid sa tír seo. Ba cheart go ndéanfaimis a leithéid a chosaint.

Comhbhá agus cúram i gcásanna casta

Bíonn sé de dhualgas orainn comhbhá agus cúram a léiriú i dtaobh na mná sin a bhíonn faoi thoircheas gan iarraidh. Tuigtear go maith dúinn go mbíonn mná mar seo aonarach, eaglach, gan acmhainn go minic, nuair a chaithfidh siad aghaidh a thabhairt ar chor trámach mar seo a chuirfeadh claochlú ar an saol orthu, nuair a tharla an toircheas de bharr éigean a rinneadh

ar bhean nó ar chailín, ach go háirithe. Is gníomh suarach, coiriúil, iomlán mímhóralta aon ghníomh den sórt sin, agus caithfidh cách a leithéid a cháineadh go láidir. Nuair a sheasaimid agus nuair a thacaímid leis na daoine sin a rinneadh éigin orthu, is gá cuimhneamh ar gur duine neamhchiontach uathúil é an duine a gineadh san eachtra uafásach chéanna.

An dúshlán atá romhainn mar phobal, ná tacaíocht a thabhairt agus cúram agus comhbhá a léiriú don bhean a bhíonn in am an ghátair, agus í ag fulaingt ón toircheas gan iarraidh le go bhféadfadh an duine sin freagairt dheimhneach ar son na beatha a thabhairt ar an ngéarchéim.

Tacaímid go fonnmhar le hobairt *CURA*, an ghníomhaireacht um thoirchis ghéarchéime, gníomhaireacht a chuir Comhdháil Easpag Éireann ar bun i 1977 le féachaint chuige go bhfaigheann aon bhean a bhíonn míshásta faoi bheith ag iompar clainne, cuma cén chúis, bealach éasca isteach chuig an chabhair shaineolach chomhbhách tuiscianach a bheadh uaithe. Tá sé thar a bheith tábhachtach dúinn féin, go mbeadh urnaí á dhéanamh againn ar son na mban sin a bhíonn ag fulaingt ón toircheas gan iarraidh. Caithimid an lámh chúnta tuiscianach a shíneadh chomh maith i dtreo na ndaoine sin a bhí ag iarraidh leanbh bheith acu, agus a thuigeann go bhfuil tinneas tromchúiseach nó bagrach don bheatha fiú, ar an leanbh sa bhroinn.

Is rómhinic a bhreathnaítear ar an nginmhilleadh mar fhuascailt ón ngéarchéim nó ón tragóid. Ní fuascailt dhaonna chomhbhách a bheadh ann, duine neamhurchóideach a mharú. Ón taithí atá acu i dtíortha eile, tuigtear go dtagann méadú gan choinne ar chleachtas an ghinmhille, fiú nuair a thugtar a leithéid isteach mar nós teoranta, srianta i dtosach báire.

Ní hé go bhféadfadh go ndéanfaí duine daonna as an leanbh sa bhroinn, is duine le cumas cheana féin é

Le blianta beaga anuas tá tuiscint faighte againn maidir leis na torthaí diúltacha – torthaí síceolaíochta chomh maith le torthaí spioradálta – a bhaineann le mná a ndearnadh ginmhilleadh orthu, agus an gá atá ann cúram agus comhbhá a léiriú do na mná sin a fhulaingíonn dá bharr. Mar phobal Dé – Dia an Ghrá – iarrtar orainn cur le chéile chun cúram praiticiúil a léiriú, go bhfuil bealach níos fearr ann an mháthair agus an leanbh a chaomhnú, seachas an ginmhilleadh.

Treoir chun gnímh: Tabhair Breith ar son na Beatha!

Tá cinneadh criticiúil le glacadh ag ionadaithe pobal tofa tíre seo. Is féidir leo cleachtas reatha na tíre seo a leanúint, cleachtas a gheallann go gcuirfeadh gach leigheas agus is gá a chur ar mhná a bheadh ag iompar clainne, agus a chaomhnaíonn cearta chun beatha an linbh, nó is féidir leo an ginmhilleadh a thabhairt isteach in Éirinn den chéad uair, agus bheadh tionchar thar a bheith diúltach tragóideach ag cinneadh mar seo ar chúrsaí.